



An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15858/23

RESPR 35
FIN 1233
ECOFIN 1273
FISC 271

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le hacmhainní dílse nua

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020¹, déantar foráil i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020² (IIA) maidir leis an obair chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ar cheart dó méid leordhóthanach a bhailiú chun leibhéal an chaiteachais ionchasaigh fhoriomláin le haghaidh aisíocaíocht na príomhshuime agus ús na gcistí a fhaightear ar iasacht a chumhdach le haghaidh caiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (NextGenerationEU, cuid na ndeontas). Leagtar amach in IIA freisin treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach agus foráiltear leis gur cheart don Chomhairle an chéad phacáiste de na hacmhainní dílse a phlé roimh an 1 Iúil 2022 (d’fhonn iad a thabhairt isteach an 1 Eanáir 2023) agus an dara ciseán breise d’acmhainní dílse a phlé faoin 1 Iúil 2025 (d’fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026).

¹ EUCO 10/20 (míreanna A29, 145-150).

² Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Coimisiún togra i mí na Nollag 2021 chun an Cinneadh maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh³ a leasú, lena n-áireofaí trí acmhainn dhílis nua bunaithe ar an méid seo a leanas: córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA), sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT)⁴ agus ranníocaíocht náisiúnta le buiséad an Aontais bunaithe ar an sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a arna ath-leithdháileadh ar na Ballstáit⁵.

An 20 Meitheamh 2023, thíolaic an Coimisiún pacáiste coigeartaithe don chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse. Áirítear sa phacáiste leasú nua ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse⁶ (lena leasaítear togra mhí na Nollag 2021), ar leasú é a dhéanfar trí acmhainn dhílis staidrimh nua bunaithe ar bhrabúis chuideachta a thabhairt isteach agus trí choigeartuithe a dhéanfar tar éis ghlacadh na reachtaíochta earnála maidir le SCCT agus maidir leis an athbhreithniú ar CTA.

Ina theannta sin, áirítear sa phacáiste coigeartaithe dhá thogra a bhaineann le bearta cur chun feidhme an chórais acmhainní dílse, go háirithe leasuithe nua ar an rialachán maidir le cur ar fáil⁷ agus ar na tograí maidir le bearta cur chun feidhme⁸ ó mhí an Mhárta 2022, a raibh Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leo freisin⁹. Áirítear sna tograí nua sin na coigeartuithe is gá chun comhaontú na gcomhreachtóirí a léiriú maidir le bailiú SCTT agus áirítear iontu forálacha nua maidir leis an acmhainn dhílis staidrimh. Tá na rialacha maidir leis an acmhainn dhílis staidrimh bunaithe ar bhrabúis chuideachta arna n-ath-leithdháileadh (mar thoradh ar rialacha earnála maidir le 'Colún I') fós sa togra le haghaidh Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse agus tiocfaidh siad i bhfeidhm, de bhun an togra ón gCoimisiún, a luaithe a bheidh feidhm ag an Treoir maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda maidir le cearta chun cánachais a ath-leithdháileadh agus a luaithe a thiocfaidh an Coinbhinsiún Iltaobhach i bhfeidhm.

³ 15260/21.

⁴ D'fhoilsigh an Coimisiún freisin, an 14 Iúil 2021, tograí reachtacha maidir le CBAM agus maidir leis an athbhreithniú ar CTA. Glacadh an dá rialachán i mí na Bealtaine 2023.

⁵ Níl reachtaíocht earnála an Aontais maidir leis an ngné sin i bhfeidhm go fóill. A luaithe a bheidh an chaibidlíocht maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach ar chearta chun cánachais a ath-leithdháileadh go páirteach ('Colún I') tugtha chun críche i gCreat Cuimsitheach G20/ECFE um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, táthar ag dréim go gcuirfidh an Coimisiún togra reachtach síos lena n-áiritheofar cur chun feidhme comhsheasmhach an Choinbhinsiúin sin san Aontas.

⁶ 10853/1/23 REV1.

⁷ 10855/1/23 REV1.

⁸ 10854/1/23 REV1.

⁹ 10853/23 ADD1. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre déantar measúnú ar na hacmhainní dílse príomha a mhol Parlaimint na hEorpa a d'fhéadfaí a áireamh, agus ar an acmhainneacht a bhaineann leo mar acmhainní dílse nua de réir trí chritéar: acmhainneacht ioncaim, simplíocht agus slógadh tapa ioncaim.

Leagtar amach sa tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Spáinne i réimse na n-acmhainní dílse.

II. STAD NA hIMEARTHA

Cuireadh an pacáiste coigeartaithe don chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse i láthair ag an gComhairle (ECOFIN) an 14 Iúil, inar chuir na toscaireachtaí a réamhsheasaimh in iúl mar chuid de chruinniú comhchéime cuimsitheach. Agus clabhsúr á chur aici ar phlé na n-airí, d'admhaigh an Uachtaránacht gur gá obair a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil agus anailís chúramach a dhéanamh ar na tograí, mar a bhí curtha in iúl ag formhór na dtoscaireachtaí.

San obair theicniúil a rinneadh faoi Uachtaránacht na Spáinne, díriodh ar an oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh maidir leis an bpacáiste nua tograí, trí sheacht gcruinniú a eagrú (an 11 agus an 19 Iúil, an 11 Meán Fómhair, an 5 agus an 13 Deireadh Fómhair, an 14 agus an 23 Samhain) agus trí phlé a spreagadh idir na Ballstáit.

Le linn an idirphlé theicniúil éagsúil, chuir na toscaireachtaí in iúl go soiléir gur gá faisnéis iomchuí agus meastacháin chruinne ar ioncam a bheith ann ar thaobh amháin, agus réamhaisnéisí NextGenerationEU maidir le riachtanais aisíocaíochta (príomhshuim agus ús) a bheith ann ar an taobh eile. Ina theannta sin, chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil an córas acmhainní dílse atá ann faoi láthair in ann aisíocaíocht NextGenerationEU a chumhdach cheana féin.

Ar bhonn na gceisteanna a chuir na Ballstáit, thug an Coimisiún faisnéis agus freagraí ar cheisteanna teicniúla nithiúla, go háirithe maidir leis an méid a leanas: (i) réamhaisnéisí agus meastacháin athbhreithnithe ar ioncaim ó acmhainní dílse nua; (ii) costais aisíocaíochta NextGenerationEU agus riachtanais bhuiséadacha a bheidh le maoiniú le hacmhainní dílse; (iii) an creat chun an acmhainn dhílis staidrimh bunaithe ar bhrabúis chuideachta a thuar, a chur ar fáil agus a rialú; agus (iv) obair leantach ar cheisteanna teicniúla eile ó na Ballstáit maidir le gnéithe eile den phacáiste. Rinneadh plé cuimsitheach ar na gnéithe sin go léir sa Mheitheal um Acmhainní Dílse.

Ós rud é go dtugtar isteach athruithe substaintiúla ar chóras acmhainní dílse an Aontais sa phacáiste nua tograí, d'iarr formhór na dtoscaireachtaí tuilleadh ama chun anailís a dhéanamh ar na tograí sula mbeidh siad réidh chun a seasaimh deiridh a chur in iúl. Ina theannta sin, léiríodh sceipteachas ginearálta sa réamh-ionchur a fuarthas ó na toscaireachtaí maidir leis an bpacáiste nua coigeartaithe, go háirithe maidir leis an acmhainn dhílis staidrimh nua bunaithe ar bhrabúis chuideachta. Go sonrach, i gcás roinnt toscaireachtaí, ní fheictear dóibh an breisluach a bhaineann leis an acmhainn dhílis nua sin, go príomha mar gheall ar a cosúlachtaí leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an ollioncam náisiúnta, toisc nach bhfuil aon 'airgead úr' ann agus nach ndéantar an ciseán roimhe sin a athchothromú le CTA agus SCCT.

D'athdhearbhaigh roinnt Ballstát freisin go bhfuil siad tiomanta Treochlár IIA a urramú chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Sa chomhthéacs sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil siad toilteanach dul chun cinn a dhéanamh san obair ar an bpacáiste coigeartaithe roimh dheireadh 2023. Bhí toscaireachtaí eile i bhfabhar acmhainní dílse nua a thabhairt isteach i gcomhthéacs an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Mar bhunús don phlé agus chun treoir a fháil le haghaidh tuilleadh oibre, d'ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne 'nóta eisiúna' nó ceistneoir ina raibh ceisteanna teicniúla agus saincheisteanna a bhaineann leis an bpacáiste coigeartaithe, ar thug na Ballstáit freagra ó bhéal orthu le linn na Meithle um Acmhainní Dílse an 13 Deireadh Fómhair. I gcomhréir leis na cruinnithe a bhí ann roimhe seo, léirigh formhór na dtoscaireachtaí sceipteachas ginearálta i leith na dtograí le haghaidh acmhainní dílse nua agus ní raibh ach líon beag toscaireachtaí réidh dul chun cinn a dhéanamh san obair ar an bpacáiste coigeartaithe roimh dheireadh 2023. Mheas formhór na dtoscaireachtaí freisin gur rud dearfach é go bhféadfaí na ranníocaíochtaí bunaithe ar fháltais SCCT a thabhairt isteach mar acmhainní dílse nua, cé go raibh roinnt acu sásta tuilleadh plé a dhéanamh ar pharaiméadair CTA agus ar na hacmhainní dílse nua sin a léiríonn 'airgead úr' iarbhír (e.g. CTA 2).

I gcomhthéacs na dtograí sin agus na bpléití gaolmhara, thíolaic Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag an Meitheal um Acmhainní Dílse an 14 Samhain 2023, tuairim Uimh. 04/2023 uaithi maidir leis an togra leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le cur ar fáil. D'fhreagair an Chúirt ceisteanna agus fiosruithe ó thoscaireachtaí freisin. Mar a tharla i gcrúinnithe eile de chuid na Meithle um Acmhainní Dílse, thapaigh na toscaireachtaí an deis seo chun a athdhearbhú go bhfuil gá leis na rialacháin éagsúla maidir le cur ar fáil atá ann cheana a chomhdhlúthú in aon ghníomh reachtach amháin. I ndáil leis an méid sin, chuir an Coimisiún in iúl gur cheart an cúram tábhachtach sin a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach, éifeachtúil agus fónta ó thaobh an dlí de, agus gan ualach neamhriachtanach a chur ar na riaracháin náisiúnta, ag an am iomchuí.

An 2^ú ciseán d'acmhainní dílse nua

De réir threochlár IIA, tá an dara ciseán d'acmhainní dílse le moladh faoi mhí an Mheithimh 2024. Tá an Chomhairle le plé a dhéanamh faoin 1 Iúil 2025 d'fhonn an dara ciseán seo a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026.

I mí na Nollag 2021, d'fhógair an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra i láthair le haghaidh an dara ciseán d'acmhainní dílse nua faoi dheireadh 2023¹⁰. Chun dlús a chur leis an gcaibidlíocht, cuireadh an togra sin ar aghaidh go dtí mí an Mheithimh 2023 ina phacáiste coigeartaithe don chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse¹¹.

III. CONCLÚID

I bhfianaise IIA agus na hoibre a rinneadh go dtí seo idir mí Iúil agus mí na Nollag 2023, maidir leis na tograí earnálacha a d'fhoilsigh an Coimisiún, iarrtar ar na Ballstáit an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Spáinne a thabhairt dá n-aire.

¹⁰ 15259/21.

¹¹ 10852/23.